2024/661

14.3.2024

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 340/2021**

**an 10 Nollaig 2021**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin Theicniúla, Caighdeáin, Tástáil agus Deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/661]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2021/383 ón gCoimisiún an 3 Márta 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ina liostaítear comhfhoirmligh nach bhfuil inghlactha mar chomhábhair i dtáirgí cosanta plandaí ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2007 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha 1-deacánól, 1,4-dé-mheitiolnaftailéin, 6-beinsioladainín, aicéacuinicil, *Adoxophyes orana granulovirus*, sulfáit alúmanaim, aimíosulbróm, *Aureobasidium pullulans* (tréithchineálacha DSM 14940 agus DSM 14941), asadaraictin, *Bacillus pumilus* QST 2808, beanalacsail-M, bicsifein, búipireamáit, *Candida oleophila* tréithchineál O, clórantrainileapról, fosfónáit déshóidiam, déthianón, dóidín, eimimeictin, fluibeindé-aimíd, fluaimeatúrón, flucsaipiorocsad, flutríafól, heicsitiasocs, iomasamocs, iopconasól, iosocsaibein, aigéad L-ascorbach, sulfar aoil, ola oráiste, *Paecilomyces fumosoroseus* tréithchineál FE 9901, peindémheatailin, peanfluifein, peintiaipiorad, fosfónáití déshóidiam, prósulfúrón, *Pseudomonas sp*. tréithchineál DSMZ 13134, pireadailil, pirióifeanón, piorocsulam, cuinmeireac, aigéad S-scoiteach, seadacsán, sintifein, tiasulfáit airgid sóidiam, spíonatóram, spiriteitreamat, *Streptomyces lydicus* tréithchineál WYEC 108, tó-fluvailionáit, teabúifeanóisíd, teambaitrí-ón, tíoncarbasón, vailifeanaláit, foisfíd since ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/556 ón gCoimisiún an 31 Márta 2021 lena leasaítear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1529 agus (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha formheasa le haghaidh na substainte bunúsaí clóiríd sóidiam ([3]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Caibidil XV d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 13 (Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

   '- **32021 R 0383**: Rialachán (AE) 2021/383 ón gCoimisiún an 3 Márta 2021 (IO L 74, 4.3.2021, lch. 7).'

2. Cuirtear na fleasca seo a leanas isteach i bpointe 13a (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 540/2011 ón gCoimisiún):

   '— **32020 R 2007**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2007 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2020 (IO L 414, 9.12.2020, lch. 10),

   — **32021 R 0556**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/556 ón gCoimisiún an 31 Márta 2021 (IO L 115, 6.4.2021, lch. 26).'

([1]) IO L 74, 4.3.2021, lch. 7.
([2]) IO L 414, 9.12.2020, lch. 10.
([3]) IO L 115, 6.4.2021, lch. 26.

3. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 13zzzzzzzzc (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1529 ón gCoimisiún):

‘, arna leasú le:

— **32021 R 0556**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/556 ón gCoimisiún an 31 Márta 2021 (IO L 115, 6.4.2021, lch. 26).’

*Airteagal 2*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialachán (AE) 2021/383, Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2007 agus (AE) 2021/556 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 11 Nollaig 2021, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Nollaig 2021.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*

*An tUachtarán*

Rolf Einar FIFE

* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.